# Comhairle Cathrach na Gaillimhe - Plean Corparáideach 2024–2029







Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council





# Clár


| | |
|---|---|
| **Brollach** | 2 |
| **Ár Ráiteas Misin** | 4 |
| **Fís** | 4 |
| **Gradaim** | 5 |
| **Ár gCroíluachanna** | 6 |
| **Ár nGealltanais** | 8 |
| **Ár dTimpeallacht Sheachtrach** | 9 |
| **Cultúr Oibriúcháin** | 10 |
| **Ár gCuspóirí Straitéiseacha agus ár Straitéisí Tacaíochta** | 19 |
| **An Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta** | 19 |
| **An Stiúrthóireacht Forbartha Oibríochtúla** | 22 |
| **An Stiúrthóireacht Forbartha Tionscadal** | 27 |
| **Stiúrthóireacht Forbartha Uirbí** | 33 |
| **An Stiúrthóireacht Forbartha Corparáidí** | 38 |
| **Pleanáil agus Cur i bhFeidhm Soláthair Tras-Stiúrthóireachta** | 43 |
| **Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht** | 43 |
| **Aguisín 1 –** Straitéisí, Pleananna agus Tionchair ar an gComhairle Cathrach na Gaillimhe | 45 |
| **Aguisín 2 –** Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus an Plean Corparáideach seo á Ullmhú | 50 |
| **Aguisín 3 –** Táscairí Feidhmíochta | 50 |
| **Aguisín 4 –** Comhairliúchán agus ár bPlean á Ullmhú | 51 |

# Brollach

Ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (CCG) Plean Corparáideach nua a ullmhú gach 5 bliana ina leagfar amach ráiteas físe agus misin do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, arb í an t-aon chomhlacht atá cuntasach i dtaobh cúrsaí daonlathacha sa chathair. Leagtar amach sa Phlean freisin na croíluachanna, na spriocanna corparáideacha agus na tosaíochtaí straitéiseacha a bhuntacaíonn le hobair na Comhairle, a lucht bainistíochta agus a foirne. Cuirtear an t-ardán ríthábhachtach ar fáil ann trína soláthraíonn an Chomhairle a seirbhísí.

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil i Meitheamh 2024 agus tús a bheith curtha le téarma nua na Comhairle, chuaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun rannpháirtíochta leis na Comhaltaí Tofa, leis an bpobal, agus leis an bhfoireann, chun Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024–2029 a fhorbairt.

Cuirtear i láthair sa Phlean seo ról ceannaireachta na Comhairle i dtaobh uaillmhianta agus deiseanna móra a leagan amach do Mhuintir agus do Chathair na Gaillimhe, an ceathrú cathair is mó in Éirinn. Anuas air sin, tá sé mar bhonn agus thaca ag ceannaireacht na Cathrach go náisiúnta i dtaobh tacú le cultúr agus le hoidhreacht na hÉireann. Tá go leor spásanna glasa agus gorma i gcathair na Gaillimhe, tá breis agus 25,700 mac léinn tríú leibhéal inti agus is ann is mó a gcuirtear forbairt shocheacnamaíoch feadh Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh chun cinn.

Áit chruthaitheach agus éagsúil í an chathair agus tá sé i gceist go méadóidh an daonra 40,000 duine sna 15 bliana eile amach romhainn. Déanfar amhlaidh trí fhorbairt inbhuanaithe faoi stiúir fostaíochta.

Níl aon chathair gan dúshláin - cuideoidh an Plean Corparáideach seo lenár gcathair chun dul i ngleic lenár ndúshláin agus borradh a chur fúithi - go mbeidh sí ina áit ina bhfuil pobail bheoga, go leor fostaíochta agus timpeallacht nádúrtha faoi rath.

Gabhaimid buíochas le gach duine a bhí páirteach in ullmhú an Phlean agus a raibh baint acu leis an rath atá ar ár gcathair go dtí seo. Tá rannpháirtíocht ár bpobal éagsúil, ár ngnólachtaí agus ár n-earnála deonaí ó gach taobh den chathair lárnach d'fholláine leanúnach agus d'fhorbairt inbhuanaithe ár gcathrach.

Tá Comhaltaí, Foireann agus Lucht Bainistíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do leanúint de bheith ag tacú agus a bheith i mbun rannpháirtíochta le muintir na cathrach agus níos faide ó bhaile chun áit fháilteach agus faoi rath a dhéanamh de Chathair na Gaillimhe, i gcaitheamh shaolré an phlean seo.



An Comhairleoir Peter Keane
An Méara



Leonard Cleary
Príomhfheidhmeannach

## Cathair na Gaillimhe Thoir



Clr. Aisling Burke



Clr. Shane Forde



Clr. Declan McDonnell



Clr. Helen Uchechukwu Ogbu



Clr. Terry O'Flaherty



Clr. Alan Cheevers

## Cathair na Gaillimhe Láir



Clr. Eibhlín Seoighthe



Clr. John McDonagh



Clr. Mike Cubbard



Clr. Frank Fahy



Clr. Josie Forde



Clr. Eddie Hoare

## Cathair na Gaillimhe Thiar



Clr. Peter Keane
An Méara




Clr. John Connolly



Clr. Alan Curran



Clr. Clodagh Higgins



Clr. Donal Lyons



Clr. Níall McNelis

## Foireann Ardbhainistíochta



Patrica Philbin, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach



Patrick Greene, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibriúcháin



Helen Kilroy, Stiúrthóir Airgeadais, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach



Derek Pender, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht Forbartha Tionscadal



Elizabeth Fanning, Stiúrthóir Seirbhísí, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta [Gníomhach]



## Ár Ráiteas Misin

“Ag leanacht leis an mian cathair den scoth a chur chun cinn trí sheirbhísí a chur ar fáil go cóir, le go mbeadh Gaillimh mealltach mar mar bhaile oibre, infheistiithe, staidéir agus cuairte.”

## Fís

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cathair chultúrtha agus chruthaitheach a stiúradh, trí chomhoibriú le pobail agus gnólachtaí iléagsúla na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile, chun ár dtréithe uathúla, inbhuanaitheacht, ionchuimsitheacht, sábháilteacht agus nuálaíocht a neartú agus a fheabhsú.

# Gradaim

2013 – An Gradam do Bhaile Iontach na Bliana

2014 – An Mhicreachathair is Fearr ar an Iomlán san Eoraip

2014 – Cathair Scannánaíochta UNESCO

2015 – Creidiúnú na Brataí Corcra

2016 – Stádas Dátheangach Oifigiúil bainte amach ag Cathair na Gaillimhe

2017 – Cathair na Duilleoige Glaise Eorpaí

2018 – Réigiún Eorpach na Gastranamaíochta

2020 – Príomhchathair Chultúir na hEorpa

2022 – An 6ú Cathair Eorpach is Fearr chun Leanaí a Thabhairt Aníos Inti

2024 – Micreachathair Eorpach na Todhchaí – an Chatagóir Caipiteal Daonna agus Stíl Mhaireachtála

2024 – An 2ú hÁit sa Chomórtas Good Practice. (An chatagóir Gníomhaíochtaí Oideachais Comhshaoil maidir leis an mBithéagsúlacht).

2024 – An Dara hÁit sna Gradaim Oidhreachta Náisiúnta (Féile na mBeach Fiáin).

An 7ú Cathair is Fearr san Eoraip ó thaobh Cháilíocht an Aeir (IQAIR)

Bratacha Gorma agus Gradaim Cósta Glas bronnta ar Thránna sa Chathair ag Bóthar na Trá agus ag Trá na gCeann.

Bratach Chorcra – Cathair Shábháilte ar a bhfuil Cáil Idirnáisiúnta

Ball de Mhisean um Oiriúnú d'Athrú Aeráide an Aontais Eorpaigh

Cathair Phíolótach Aeráidneodrach an Aontais Eorpaigh

5 Bhratach Ghlasa bronnta ar Pháirceanna in 2024 (Páirc na gCúig Céad, Páirc na Mílaoise, Páirc Uí Chinnéide (an Fhaiche Mhór), Páirc Uí Shúilleabháin agus Páirc Foraoise Thír Oileáin.

Droichead an Dóchais

Gradam Tionscadal Droichead Idirnáisiúnta na Bliana, Gradam Dhroichid an Innealtóra Shibhialta Nua (ar an ngearrliosta)

Tionscadal Innealtóireachta Sibhialta na Bliana, Gradam Sármhaitheasa Innealtóireachta 2024.

Colm Ó Ríordáin - Bonn Óir, Ceannaire Soghluaisteachta Gníomhach, Dámhachtainí Soghluaisteachta Slabhra Soláthair na hInstitiúide Cairte Lóistíochta agus Iompar Éireann (CILT) 2024.

## Ár gCroíluachanna

Treoraíonn ár gCroíluachanna muid i dtaobh na seirbhísí a chuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil:


**Meas**
Léirímid meas agus luach ar ár gComhairleoirí agus ar ár bhFoireann, agus ar ár bpobail agus ár úsáideoirí ár gcuid seirbhísí, go háirithe iad siúd atá thíos le neamhionannas, inár ról mar fhostóir agus inár gcuid oibre i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na cathrach, ina nglacaimid san áireamh na riachtanais éagsúla go léir atá ag ár sochaí nua-aimseartha.


**An Daonlathas**
Tacaímid le ceannaireacht ár gComhairleoirí tríd an idirchaidreamh oscailte trédhearcach is fairsinge a chur ar fáil le rannpháirtíocht ó éagsúlacht iomlán ár bpobal sa phróiseas daonlathach.

**Cuntasacht**
Tabharfaimid faoinár gcuid oibre le hionracas agus le macántacht go dtí na caighdeáin ghairmiúla is airde agus is féidir i ngach seirbhís a chuirimid ar fáil lena chinntiú go ndéantar cinntí ar mhaithe leas an phobail.

**Comhionannas**
Cinnteoimid go gcaitear go cothrom le gach duine, go dtugtar aitheantas d'éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhísí agus na foirne, agus go dtéitear in oiriúint don éagsúlacht sin, d'fhonn ionchuimsiú agus inrochtaineacht a chinntiú, agus comhionannas torthaí don éagsúlacht seo daoine a chothú agus dícheall a dhéanamh é a bhaint amach.

**Inbhuanaitheacht**
Réiteoimid an bealach i dtaobh inbhuanaitheacht a bhaint amach, ceartas comhshaoil a chur chun cinn agus teacht aniar a fhorbairt trí aistriú cóir ina gcuirfear réimse bearta ar leith, ach comhlántacha, i bhfeidhm maidir le gníomhú ar son na haeráide agus le maolú aeráide. Táimid tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)





**Comhpháirtíocht**
Stiúrfaimid, tacóimid agus oibreoimid i gcomhar leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha, pobail agus deonacha, trí rannpháirtíocht a chumasú ina measc siúd atá thíos le neamhionannas, lenár gcuspóirí corparáideacha agus ár bhfreagrachtaí reachtúla a chur i gcrích.

**Ionchuimsiú**
Cruthóimid bealaí úrnua chun dul in oiriúint don éagsúlacht, inrochtaineacht a bhaint amach, agus a chinntiú go mbeidh comhionannas ag muintir Chathair na Gaillimhe chomh maith leis na hacmhainní le bheith iomlán rannpháirteach.

**Ionracas**
Cinnteoimid trédhearcacht, cuntasacht agus cothroime i gcinnteoireacht.

**Nuálaíocht**
Forbróimid smaointe, tionscnaimh, cleachtais agus acmhainní nua chun seirbhísí níos éifeachtúla a chur ar fáil.

## Ár nGealltanais

**Uaillmhian**
Táimid tiomanta do chathair den chéad scoth a dhéanamh de Ghaillimh.

**Uathúlacht**
Ceiliúrfaimid agus feabhsóimid ár dtréithe agus ár ngnéithe uathúla.

**Cruthaitheacht**
Cuirfimid lenár n-oidhreacht éagsúil chultúrtha, ealaíonta agus Ghaeilge lenár bpobail chruthaitheacha a shaibhriú agus a fhairsingiú.

**An Pobal**
Cothóimid cuir chuige nua agus cumasóimid ár bpobal, le haird ar leith orthu siúd atá thíos neamhionannas.

**Fás Bunaithe ar Chearta**
Bainfimid fás geilleagrach ionchuimsitheach agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil amach ar mhaithe le cathair bheoga, shábháilte, ionchuimsitheach, agus mhealltach.

**Comhairle Nua-Aimseartha**
Táimid tiomanta don éifeachtúlacht agus don nuálaíocht a chur chun cinn ar mhaithe lenár seirbhísí a chur ar fáil ar fud na cathrach agus ár ndualgais seirbhísí poiblí a chur i gcrích. Déanfaidh gach Rannóg i gComhairle Cathrach na Gaillimhe a dícheall gach seirbhís infheidhme a chur ar fáil go digiteach ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus TFC 2024–2030 agus le Cónascadh Rialtais 2030. Cuirfimid seacht bprionsabal an Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm

**Luach ar Airgead**
Aithnímid ár bhfreagracht as luach ar airgead a bhaint amach i dtaobh soláthar seirbhísí. Féachfaimid le prionsabail luacha ar airgead a áireamh nuair atá seirbhísí á soláthar trí chostais, caighdeán seirbhísí agus an comhthéacs áitiúil a chur san áireamh. Bainfimid leas as an méid is mó acmhainní ón státchiste Náisiúnta/státchiste an AE agus is féidir agus agus cuirfimid taca faoin gcistiú sin trí acmhainní áitiúla breise a chur ar fáil ar fud na roghanna ioncaim uile, nuair is féidir.



# Ár dTimpeallacht Sheachtrach

Tá an plean corparáideach seo á ullmhú ag am dúshlánach, go stairiúil, don chathair, agus d'Éirinn. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh i dtaobh cathair den chéad scoth a chruthú, chruthaigh an éagobhsaíocht idirnáisiúnta le deich mbliana anuas dálaí polaitiúla agus geilleagracha araon a dteastóidh solúbthacht agus lúfaireacht leanúnach ina leith i bhfreagairt shocheacnamaíoch na Comhairle.

Anuas air sin, i ngeall ar aistrithe leanúnacha sa timpeallacht gheopholaitiúil idirnáisiúnta, ní mór don Chomhairle a bheith acmhainneach agus ní mór di a bheith ábalta freagairt do rioscaí, nach mbíonn smacht againn féin ar go leor díobh, agus is cinnte go mbeidh siad sin ina ngné dár dtimpeallacht oibriúcháin i gcaitheamh shaolré an Phlean.

Is iomaí deis a bhainfidh an Chomhairle leas aisti ar mhaithe leis an gcathair. Cabhróidh ár n-aistriú i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de, an borradh a thiocfaidh faoi scileanna ár ndaoine, faoi stiúir Comhairle thofa bheoga, i measc gnéithe dearfacha eile, lena chur ar chumas na cathrach na tionchair is measa i dtaobh cur isteach idirnáisiúnta a sheachaint, agus beidh siad mar bhonn agus taca ag an am céanna faoi fhorbairt inbhuanaithe na cathrach.

Cuirfidh fás ár ndaonra agus an acmhainn atá againn do scoth an chultúir agus an spás atá againn do na healaíona, anuas ar bhunathrú a chur ar ár bhfearann fisiciúil agus ar bhealaí nascachta, ar ár gcumas cathair den chéad scoth a dhéanamh den chathair. Lárionad uirbeach beoga, athléimneach, agus ionchuimsitheach a bheidh i gCathair na Gaillimhe, a chuirfidh ar chumas na cathrach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an chéid seo agus a hoidhreacht chultúrtha agus chomhshaoil ar leith a chaomhnú ag an am céanna.




# Cultúr Oibriúcháin

**Foinse: CSO Daonáireamh 2022**

**84,414**
**Daonra 2022**

**37.4**
**Meánaois an daonra**

**55.5**
**príomh stádas eacnamaíoch-Ag an Obair**





**60.1%**
**An leibhéal oideachais is airde-triú leibhéal**

**16** **Príomh Stádas Eacnamaíoch-Mac Léinn**

**Iomlán ag an Obair agus ina chónaí i Lucht Oibre Dobharcheantar, 2022**

**+36.9%**
**suas ó 64,455 sa bhliain 2006**





**+25.8%**
**88,253**
**sa bhliain 2022**
**suas ó 70,170 sa bhliain 2016**

Cathair na Gaillimhe









- Príomhchathair réigiúnach an Iarthair atá suite ar Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh
- An t-aon chathair i Réigiún an Iarthuaiscirt agus an chathair is mó ina gcuirtear Iarthar na hÉireann chun cinn
- Is i gCathair na Gaillimhe atá an mheánaois is óige i Réigiún an Iarthair (37.4 bliain).
- Tuartar sa Chreat Náisiúnta Pleanála go dtiocfaidh fás ó 80,000 go 125,000 duine ar an daonra faoin mbliain 2040
- Is ann atá braisle theicneolaíochta míochaine a aithnítear ar fud an domhain
- Tá earnáil tríú leibhéal faoi rath ann ina bhfreastalaítear ar 30,000 mac léinn
- Is scothcheann scríbe turasóireachta atá ann ina bhfuil saol beoga ealaíon agus cultúir
- Tá stádas cathrach dátheangaí ag an gcathair agus tá cuid den Ghaeltacht is mó agus is mó daonra sa tír ann
- Tá an chathair ag éirí níos ilchultúrtha i gcónaí mar gheall ar mhic léinn agus ar inimircigh idirnáisiúnta

**Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine**

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta don dualgas maidir le comhionannas agus cearta an duine a chur i bhfeidhm go leanúnach. Agus amhlaidh á dhéanamh aici, díreoidh an Chomhairle go soiléir, comhtháiteach agus comhsheasmhach ar chomhionannas agus ar chearta an duine a leabú inár n-oibríochtaí uile i measc ár gcuid feidhmeanna go léir. Tá Ráiteas Luachanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine forbartha againn lenár gcur chuige i leith an Dualgais a chur le chéile agus a thagarmharcáil.

huir Comhairle Cathrach na Gaillimhe Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i bhfeidhm fad a bhí an Plean Corparáideach seo á ullmhú agus tá sí tiomanta dá chur i bhfeidhm leanúnach. Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe a huaillmhian dá cur chuige i leith an Dualgais a chur in iúl agus a thagarmharcáil, bunaithe ar na luachanna seo a leanas:

- dínit,
- neamhspleáchas,
- rannpháirtíocht,
- ionchuimsiú,
- ceartas sóisialta, agus
- ceartas comhshaoil.

Is ar an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach atá an fhreagracht iomlán as cur i bhfeidhm an Dualgais a chur chun cinn. Tacaíonn grúpa oibre traseagraíochta leis an Stiúrthóireacht a ullmhaíonn plean bliantúil gnímh atá bunaithe ar ár bplean cur chun feidhme, a chuidíonn lena chur i bhfeidhm, agus a bhailíonn sonraí agus eolas chun tuairisciú a dhéanamh go bliantúil ar dhul chun cinn.

Tá measúnú déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhréir le hAlt 42 den Acht um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí, 2014, ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine do na grúpaí aitheanta a chreideann sí a bheith ábhartha dá feidhmeanna agus dá cuspóir. Tá measúnú **Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine** ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá an measúnú a deineadh bunaithe ar fhianaise, trí úsáid a bhaint as taighde náisiúnta agus áitiúil, agus rannpháirteach, trí ionadaithe ón tsochaí shibhialta as na grúpaí aitheanta don Dualgas a áireamh sa Mheasúnú. Cuimsítear sna grúpaí sainaitheanta na grúpaí sin a chumhdaítear leis na naoi bhforas faoin reachtaíocht; grúpaí atá i mbaol bochtaineachta nó atá thíos leis an mbochtaineacht, grúpaí le mbaineann forais thrasnacha; agus sealbhóirí aonair ceart faoi na hionstraimí ábhartha maidir le cearta an duine.



Agus úsáid á baint as an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na tionscnaimh spriocdhírithe seo a leanas i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine trí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Straitéis na Cathrach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta
- Straitéis Imeasctha na Comhairle, atá le forbairt
- Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021–2026 na Comhairle
- An Plean Cóiríochta do Thaistealaithe 2025–2029
- An Plean Réigiúnach Gníomhaíochta um Easpa Dídine 2025–2027

Agus an Plean Corparáideach á ullmhú, shainaithin Comhairle Cathrach na Gaillimhe ocht saincheist uileghabhálacha chomhionannais agus chearta an duine a dtugtar tús áite dóibh ar a ndíreofar fad a bheidh an Plean Corparáideach á fhorbairt. Tríd is tríd, agus aitheantas á thabhairt do chineál leanúnach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, agus don ghá atá le dul i ngleic leis an réimse iomlán saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh inár measúnú, d'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe Plean Cur Chun Feidhme don Dualgas, lena chur i bhfeidhm leanúnach mar chuid lárnach dár gcuid oibre a threorú, a chur chun cinn agus a stiúradh. Tá an **Plean Cur Chun Feidhme** seo ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.





Leagtar amach sa phlean cur chun feidhme na céimeanna a ghlacfar chun cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a chumasú, lena n-áirítear Meitheal Dualgais tras-eagraíochta a thionól chun an obair seo a bhrú chun cinn agus a phleanáil; dul i dtaithí agus oiliúint na foirne de réir mar is gá; agus cumarsáid inmheánach maidir lenár luachanna comhionannais agus chearta an duine.

Aithnítear sa Phlean Cur Chun Feidhme an cur chuige atá le glacadh chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna ábhartha maidir le comhionannas agus cearta an duine, ag tráthanna tábhachtacha, go háirithe Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí na Comhairle a ullmhú agus na pleananna, na beartais, na straitéisí agus na cláir a eascraíonn as na pleananna seirbhísí bliantúla sin a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcoitinne.


Tuairisceoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, trína Meitheal Dualgais, agus mar chuid dá Tuarascáil Bhliantúil, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, agus ar an méid atá bainte amach maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine.

**Tiomantas do Spriocanna Forbartha Straitéisí na Náisiún Aontaithe**

Tá inbhuanaitheacht i gceartlár ár gcur chuige lena chinntiú gur príomhchathair cheannródaíoch í Gaillimh ar fud na cruinne. Tá an Chomhairle tiomanta dá beartais agus dá seirbhísí go léir a mheas lena chinntiú go ndéanaimid ár dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú agus acmhainn ár ndaoine agus a n-oidhreachta agus a scileanna a uasmhéadú.

Tugtar cuntas i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac gach ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe leis in 2015, ar fhís chomhchoiteann don tsíocháin agus don rath, anois agus amach anseo araon. Tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), atá idirnasctha agus doroinnte, lárnach sa chlár seo. Tá mar aidhm ag na spriocanna seo seasamh le cearta daonna gach duine agus comhionannas inscne a chur chun cinn. Leagtar béim iontu nach mór straitéisí ina bhfeabhsaítear an tsláinte, an t-oideachas agus borradh geilleagrach, agus ina dtéitear i ngleic freisin le hathrú aeráide ag an am céanna, a bheith ann chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le foirmeacha eile díothachta. Bhí tionchar mór ag na SDGanna ar fhorbairt an Phlean Chorparáidigh agus cuireann siad bonn eolais faoina bheartais, a chuspóirí, agus a ghníomhartha.






Cathair na Gaillimhe le Toghcheantair Áitiúla

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe: Ár Struchtúr Rialachais**


Toghtar 18 gComhairleoir Cathrach ó thrí thoghcheantar áitiúla (an tOirthear, an tIarthar, an Lár) sa chathair, a dhéanann an limistéar údaráis áitiúil a chumhdach. Tagann na Comhaltaí le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is práinní ina dToghcheantair Áitiúla ag Cruinnithe den Choiste Ceantair. Tagann na Comhaltaí le chéile freisin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá i gceist ar fud na cathrach mar chomhlacht iomlánach ina mbíonn gach Comhalta Tofa páirteach.


Ag obair i dteannta a chéile, gníomhaíonn an Chomhairle mar chomhlacht rialaithe, a oibríonn i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus mar Fhoireann le beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. Tá Ceann Feidhme ag gach Rannóg a thuairiscíonn go díreach go dtí duine den Fhoireann Bainistíochta.

Tá sainchúram beartais ag an gComhairle Thofa dá dtagraítear mar 'feidhmeanna forchoimeádta' faoin reachtaíocht, amhail glacadh leis an mbuiséad bliantúil agus leis an bPlean Forbartha Cathrach. Déantar cinntí na Comhairle trí réiteach.

Cuireann an Fheidhmeannacht cúnamh agus comhairle ar fáil don Chomhairle maidir lena ról ceaptha beartais, trí oibriú le sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CPSanna) na Comhairle. Is ó earnálacha a bhaineann le hobair na CPSanna ar leith a thagann an tríú cuid de bhallraíocht an CPS, a chuireann le feabhsú an phróisis ceaptha beartais.

Is iad Méara agus Cathaoirligh gach CBS a chomhdhéanann an Grúpa um Beartais Chorparáideacha, a fheidhmíonn cosúil le comh-aireacht, a chuireann ardán ar fáil chun cinntí beartais ardleibhéil a dhéanamh a bheidh le cur faoi bhráid na Comhairle Cathrach agus a bheidh le moladh di.




**Struchtúr Eagrúcháin agus Príomhghníomhaíochtaí**

Is í Comhairle Cathrach na Gaillimhe an fhoirm rialtais is inrochtana do mhuintir Chathair na Gaillimhe. Feidhmíonn a foireann 633 duine chun breis agus 1,100 seirbhís a chur ar fáil do na daoine a chónaíonn, a gcuirtear oideachas orthu, a oibríonn agus a chruthaíonn i gCathair na Gaillimhe. Thar aon ní eile, is comhlacht áitiúil í atá cuntasach i dtaobh cúrsaí daonlathacha, a oibrítear trína 18 gComhalta Tofa ar fud na cathrach atá dírithe ar mhuintir na Gaillimhe agus orthu sin amháin.

Tugtar sonraí thíos ar struchtúr eagrúcháin agus ar fheidhmeanna na Comhairle:

## Príomhfheidhmeannach
Leonard Cleary

**An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta**
Elizabeth Fanning
Stiúrthóir Seirbhísí

**An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibriúcháin**
Patrick Greene
Stiúrthóir Seirbhísí

**An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tionscadal**
Derek Pender
Stiúrthóir Seirbhísí

**An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach**
Patricia Philbin
Stiúrthóir Seirbhísí

**An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach**
Helen Kilroy
Stiúrthóir Airgeadais

**An Comhchoiste Polasaí Straitéiseach**
**Forbairt Turasóireachta CPS**

**CPS**
**Forbairt Shóisialta**

**CPS**
**Forbairt Oibriúcháin**

**CPS**
**Forbairt Tionscadail**

**CPS**
**Forbairt Uirbeach**

**CPS**
**Forbairt Chorparáideach**

**Coiste Ceantair Áitiúil an Oirthir**

**Feidhmeanna**
- Seirbhísí Tithíochta
- Caipiteal Tithíochta
- Cothabháil Tithíochta
- Cóiríocht don Lucht Siúil
- Seirbhísí don Daoine gan Dídean
- Cuimsiú Sóisialta
- Seirbhísí don hÚcráine
- Comhtháthú

**Coiste Ceantair Áitiúil an tIarthar**

**Feidhmeanna**
- Bóithre agus Iompar
- Cothabháil
- Seirbhísí Timpeallachtaí
- Caitheamh Aimsire agus Conláiste
- Seirbhísí Uisce
- Ionaid Phobail

**Coiste Ceantair Áitiúil Láir**

**Feidhmeanna**
- An Oifig Bainistíocht Tionscadal (OBT) agus Forbairt Caipitil
- Forbairt Ceanncheathrú Nua
- Taisteal Gníomhach
- Athfhorbairt Láithreáin Halla na Cathrach
- Forbairt GCRR
- Sócmhainní Réadmhaoine agus Láithreáin Thréigthe
- Athrú Aeride
- Forbairt Pobail

**Leas-Phríomh-fheidhmeannach Eatramhach**

**Feidhmeanna**
- Comhfhorbairt áite
- Pleanáil Chun Cinn
- Rialú Forbartha
- Seribhísí Ailtireachta
- Forbairt Geilleagrach
- Oidhreacht agus Caomhnú
- Forbairt Turasóireacht
- Forbairt na nEalaíon agus an Chultúir
- Achmhainní Daonna

**An Coiste Iniúchóireachta**

**Feidhmeanna**
- Airgeadais
- Seirbhísí Corparáideach
- Rialachas Corparáideach
- Cumarsáid agus Margaíocht
- Gaeilge
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (nó TFC más mian leat) agus Digiteach
- Claochlú Corparáideach
- Bainistíocht Athruithe
- Seirbhísí tráchtála

**Seirbhís Chomhroinnte Dóiteáin agus Éigeandála**

**Seirbhís Chomhroinnte Oifig Fiontair Áitiúil (OFA) agus Leabharlann**

# Ár gCuspóirí Straitéiseacha agus ár Straitéisí Tacaíochta

## An Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta

### Cuspóir Tithíochta agus Ionchuimsithe Shóisialta:

Barr feabhais a chur ar chaighdeán na beatha do mhuintir Chathair na Gaillimhe trí dhlús a chur le háiteanna cónaithe sóisialta agus inacmhainne agus le tacaíochtaí tithíochta ar shárchaighdeán dóibh siúd i ngátar agus i láithreacha cuí, agus pobail atá ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta agus atá inbhuanaithe á gcruthú leis sin mar eiseamláir na Forbartha Sóisialta.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Cuspóirí Thithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn go dtí 2030 a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an soláthar tithíochta agus le heaspa dídine, a chinntíonn go gcuirtear deireadh le gach foirm d'idirdhealú agus go dtéitear i ngleic le riachtanais a bhaineann go sonrach leis na grúpaí sin atá cumhdaithe ag Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Is é cuspóir foriomlán an Phlean Tithíocht do Chách an méid seo a leanas a chinntiú: "Ba cheart go mbeadh teacht ag gach duine sa Stát ar theach lena cheannach nó lena fháil ar cíos ar phraghas inacmhainne, atá tógtha ar ardchaighdeán agus atá san áit cheart, ina gcuirtear ardchaighdeán beatha ar fáil." |
| Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta (HDAP) 2022–2026 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus aon Phlean ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag soláthar tithíochta. |
| A chinntiú go mbeidh bunachar talún straitéiseach ag an gcathair chun forbairt amach anseo a éascú ar mhaithe le spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne a bhaint agus chun tacú le pobail tionachta inbhuanaithe mheasctha a sholáthar. |
| Tithíocht bhreise ardchaighdeáin, ar an scála cuí, a chur ar fáil i láithreacha oiriúnacha agus a bheidh ar aon dul le riachtanais fáis dhlúith Chathair na Gaillimhe agus ár ndaonra atá ag dul in aois á chur san áireamh agus a chinntiú go gcuirtear deireadh le gach cinéal idirdhealaithe agus go dtéitear i ngleic le riachtanais ar leith an phobail. |

| |
|---|
| A chinntiú go gcuirtear rogha cóiríochta éigeandála ar fáil do dhaoine atá gan dídean, tar éis do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iad a mheas mar dhaoine gan dídean, agus cur leis an réimse tacaíochtaí atá ar fáil do theaghlaigh gan dídean, agus solúbthacht a bheith sa dearadh agus sa soláthar le riachtanais a chur san áireamh a bhaineann go sonrach leis na grúpaí sin atá cumhdaithe ag Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.<br>Glacadh leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean agus é a chur i gcrích, ina bhfuil réimse gníomhartha chun easpa dídine agus an brath atá ar chóiríocht éigeandála a chosc agus a laghdú. |
| Measúnú ar Riachtanais Tithíochta ardchaighdeáin atá dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi dháileadh na tithíochta sóisialta, agus dul i mbun beart lena chinntiú go sainaithnítear fíor-roghanna. |
| Cur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), agus ar an Scéim Cóiríochta Cíosa (an RAS). |
| Bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ár stoc tithíochta sóisialta, clár pleanáilte cothabhála agus éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh ar áiteanna cónaithe sóisialta san áireamh agus é ina sprioc go mbainfidh an stoc tithíochta go léir rátáil fuinnimh foirgnimh (BER) B2, ar a laghad, amach. |
| Tacaíochtaí tionóntachta agus seirbhísí ardchaighdeáin bainistíochta eastáit a sholáthar do gach cónaitheoir trí chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus trí chearta an duine a chosaint, a chinntíonn pobail ionchuimsitheacha, shábháilte, agus inbhuanaithe. |
| A chinntiú go mbaintear caighdeáin ábhartha amach i dtithíocht agus i rialú tógála agus go dtacaítear le caighdeáin íosta a chur i bhfeidhm san earnáil cíosa. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar chíos dhifreálach ar gach tionóntacht de chuid na Comhairle, na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus na Scéime Cóiríochta Cíosa (HAP/RAS), agus Léasa. |
| Réimse éifeachtach tacaíochtaí oiriúnacha tithíochta a chur ar fáil lena n-áirítear iasachtaí tithíochta agus deontais tithíochta chun tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh a gcuid cóiríochta a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais athraitheacha a dteaghlach. |

| |
|---|
| Tithíocht tionachta measctha a chur ar fáil i gCathair na Gaillimhe agus a chinntiú ag an am céanna go gcuirtear deireadh le gach cineál idirdhealaithe agus go dtéitear i ngleic le riachtanais ar leith na bpobal agus na ndaoine a bhfuiltear ag freastal orthu. |
| Freastal ar an tsamhail le Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann 3 (IRPP3) a dháileadh i gcur chuige céimnithe. |
| Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngrúpaí sin atá cumhdaithe ag Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus freastal ar riachtanais éagsúla na gcónaitheoirí uile trí chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus trí chearta an duine a chosaint trí thionscnaimh na Stiúrthóireachta Forbartha Sóisialta a ndírítear orthu a chur i bhfeidhm, an méid seo a leanas ina measc;<br>• Tá an Plean Cóiríochta do Thaistealaithe 2019–2024 le nuashonrú ag Plean Cóiríochta do Thaistealaithe 2025–2029 nua.<br>• Tá an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean 2020–2023 le nuashonrú ag an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean 2025–2027 nua.<br>• An Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas<br>• An Scéim Leithdháiltí Tithíochta Sóisialta<br>• An Scéim Tosaíochtaí do Thithíocht Inacmhainne<br>• An Straitéis Bainistíochta Eastáit<br>• An Straitéis Imeasctha<br>• Tá Beartas Bainistíochta Eastáit go Sonrach do Thaistealaithe le glacadh agus le cur i bhfeidhm |



# An Stiúrthóireacht Forbartha Oibríochtúla

## Cuspóir Comhshaoil:

Timpeallacht nádúrtha ár gcathrach a chosaint, a fheabhsú, agus a chaomhnú, agus feasacht chomhshaoil á cur chun cinn ag an am céanna trí chomhoibriú le heagraíochtaí agus le pobail áitiúla. Is í ár n-aidhm feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do gach cónaitheoir trí thimpeallacht uirbeach inbhuanaithe agus éiceabhách a chothú.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Tacaíochtaí a chur ar fáil do phobail, ina measc na pobail sin atá thíos le neamhionannas, dul i mbun beart le haistriú cóir a bhunú agus a chinntiú, agus feasacht chomhshaoil i scoileanna, i ngnólachtaí agus i gcomharsanachtaí áitiúla a chur chun cinn. |
| Cabhrú le feasacht chomhshaoil a mhúscailt le cuspóirí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Phlean Náisiúnta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhaint amach. |
| Straitéis Bruscair agus Plean Bainistíochta Bruscair a chur i bhfeidhm, agus áiseanna dóthanacha athchúrsála a chur ar fáil don Chathair. |
| Seirbhísí forfheidhmithe bruscair agus dramhaíola, agus clár pleanáilte sceidealaithe glantacháin sráideanna a chur ar fáil chun caighdeáin arda ghlaineachta sa chathair a chinntiú. |
| An reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh, tabhairt faoi fheidhmeanna rialála agus dícheall a dhéanamh rangú ard comhshaoil a bhaint amach. |
| Monatóireacht a dhéanamh agus feabhas a chur ar cháilíocht uiscí snámha agus an aeir sa chathair. |
| Plean bliantúil na gCritéar Íosta a Mholtar do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). |
| Monatóireacht agus riar a dhéanamh ar chomhlíonadh faoin reachtaíocht um Rialú Madraí. |



## Cuspóir Caitheamh Aimsire agus Conláiste:

Timpeallacht nádúrtha ár gcathrach a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú agus áiseanna ardchaighdeáin, inrochtana agus ionchuimsitheacha caitheamh aimsire, fóillíochta agus conláiste a fhorbairt agus a chur chun cinn chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Gníomhartha ón Straitéis Spásanna Glasa a thosú. |
| Leanúint le caighdeán áiseanna caitheamh aimsire ár bpobal a bhaint amach agus leanúint ag teacht ar ár n-áiseanna agus aird ar leith ar inrochtaineacht do na grúpaí sin agus na grúpaí sin a chur san áireamh atá cumhdaithe ag Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Leanúint le cothabháil, feabhsú agus nuachóiriú a dhéanamh ar áiseanna, ar aon dul le riachtanais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, comhionannas agus breithnithe chearta an duine, agus le héilimh chónaitheoirí agus chuairteoirí na cathrach atá ag dul i méid. |
| An Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2025–2030 agus an Plean um Pailneoirí a chur i bhfeidhm, nuair is féidir. |
| Deis a thabhairt do phobal atá níos inmharthana le teacht aniar ann a éascú, ag cinntiú go ndéantar an comhshaol a chaomhnú agus go gcuirtear cleachtais inmharthana chun cinn i ngach gné den rialachas, pleanáil agus seachadadh seirbhíse. |
| An gréasán glas agus gorm a fheabhsú agus a mhéadú ar fud na cathrach, agus an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chás gur féidir, agus é ina aidhm glanchaillteanas bithéagsúlachta a bheith ann agus an méid dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) a ghabhtar in ithreacha agus i mbithmhais a mhéadú. |
| Beartas “súgradh ionchuimsitheach” sa chathair a fhorbairt, de réir an Tionscnaimh Cathair a Thacaíonn le Leanaí |
| Áiseanna a fhorbairt do spóirt mhionlaigh mar a aithnítear sa Straitéis Spásanna Glasa agus i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe. |
| Páirc Bharr an Chalaidh a fhorbairt as an nua. |
| Reilig na faiche ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath. |

| Tionscadail Chaipitil Spóirt (T&A) |
| --- |
| Leanúint le Máistirphleananna óna gceapadh an bealach go léir trí phleanáil agus trí chur i bhfeidhm ar an láthair ar bhonn céimnithe. |
| Na cúig Bhratach Ghlasa a baineadh amach do pháirceanna agus an dhá ghradam Trá Bhrataí Goirme/ Cósta Glas a choinneáil.<br>Leanúint le páirceanna atá ann faoi láthair a fheabhsú agus a uasghrádú agus muid ag díriú ar ionchuimsiú do chách le gach aoisghrúpa agus cumas a thabhairt san áireamh. |
| Fodhlíthe d'áiseanna caitheamh aimsire agus áineasa agus do spásanna oscailte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm – páirceanna, faichí, coillearnacha agus tránna ina measc. |
| Leanúint le seirbhísí reilige agus adhlactha a chur ar fáil agus freastal ar riachtanais na cathrach amach anseo trí reilig bhreise a chur ar fáil. |
| Leanúint le cothabháil a dhéanamh ar gach spás glas eile, eastáit tithíochta cónaithe ina measc, ar aon dul leis na hacmhainní atá ar fáil. |
| Áiseanna nua spóirt a chur ar fáil agus barrfheabhsú na n-áiseanna reatha i gcomhréir leis na prionsabail straitéiseacha agus na pleananna cur chun feidhme a leagtar amach i Straitéis Spásanna Glasa Chathair na Gaillimhe agus i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| Féachaint leis an méid cistithe deontais a fhaightear a uasmhéadú tríd an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt agus deiseanna eile cistithe a fhiosrú chun tacú le tionscadail a chur i gcrích. |



## Cuspóir Bóithre agus Iompair:

An gréasán bóithre agus iompair a chur ar fáil, a bhainistiú agus a chothabháil gan an buiséad a shárú, agus oibriú i gcomhar le soláthraithe iompair phoiblí agus le gníomhaireachtaí eile chun beartais iompair chomhtháite agus inbhuanaithe a fhorbairt. Príomhchuspóir eile is ea Creat Bainistíochta Mór-Éigeandála a chur i bhfeidhm ina gcuimsítear pleananna freagartha do theagmhais drochaimsire.

Oibrímid go dlúth leis an Roinn Iompair, Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus le páirtithe leasmhara eile chun Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm.

I measc na bpríomhghnéithe den straitéis atá le cur chun cinn i rith shaolré an phlean seo, tá an méid seo a leanas:

| |
|---|
| Cláir oibre Cothabhála agus Athchóirithe/Feabhsúcháin Bóithre a chur i gcrích ar aon dul le cistiú a fuarthas ón Roinn Iompair. |
| Cothabháil a dhéanamh ar bhonneagar a bhaineann le bóithre, cosúil le draenáil, cosáin agus soilsiú poiblí, faoi réir cistiú. |
| Oibreacha ar na Bealaí Náisiúnta, de réir chistiú TII. |
| Oibreacha cigireachta agus cothabhála droichead. |
| Ceadúnú agus ceadanna a éascú, faoi mar a theastaíonn d'oibreacha ar fud na cathrach. |
| An próiseas Tógála i gCúram a bhainistiú. |
| Tacú leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide trí fheabhsúcháin soghluaisteachta agus trí oibreacha bealaí ilchóracha. |
| Bainistíocht éifeachtach ar an mbonneagar páirceála teoranta i nGaillimh a chinntiú, agus rochtain ar an gcathair a éascú ag an am céanna, le mealltacht leanúnach gheilleagrach Chathair na Gaillimhe a chinntiú. |
| Deiseanna Forbartha Breise – Stáisiún Dóiteáin. |
| Leanfar leis an bag plé leis an tSeirbhís Dóiteáin maidir lena seirbhísí agus riachtanais bhonneagair. |

| |
|---|
| Learnfar leis an obair le hUisce Éireann maidir le soláthar draenála uisce dromchla ag Ardán. |
| An Creat Móréigeandála a bhainistiú, ionchur ilghníomhaireachta a chomhordú nuair atá pleananna freagartha á gcur le chéile d’éigeandálaí móra agus do theagmhais drochaimsire. Áirítear leis seo ceannas a ghlacadh agus páirt a ghlacadh i gcleachtaí ilghníomhaireachta le hullmhacht a chinntiú. |
| Bearta um Shábháilteacht ar Bhóithre, bearta/scéimeanna innealtóireachta bóithre, agus cothabháil agus uasghrádú ar shoilsiú poiblí ina measc. |
| Ról Chomhairle Cathrach na Gaillimhe sa tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn trí thionscnaimh oideachais agus feasachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm dár bpobail éagsúla agus trí thacú le príomhpháirtithe leasmhara le tionscnaimh dá gcuid féin a chur i gcrích.<br>Oibriú i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe i dtaobh comh-Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i gcrích a bheidh ag teacht le spriocanna an Rialtais. |
| Tacú le Feidhm Phleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ina mbeadh tionchar ag forbairtí ar an ngréasán iompair. |
| Freagra gan mhoill a thabhairt ar Chustaiméirí a chuireann fadhbanna a bhaineann le bóithre in iúl. |
| Beartais agus pleananna a chur le chéile a bhaineann le bonneagar bóithre, luasteorainneacha agus bearta sábháilteachta. Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais ábhartha, fodhlíthe san áireamh, faoi mar a theastaíonn. |
| Bainistiú agus feabhsú ar acomhail faoi rialú soilse tráchta laistigh de shainchúram an Ionaid Bainistíochta Tráchta Uirbigh (UTMC). |
| Bainistiú ar fhlít Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ailíniú le spriocanna aeráide a bhaineann leis an gcéanna. |

1 COSC AR BOCHTANAS

8 OBAIR CÓIR (DECENT) AGUS FÁS EACNAMAÍOCH

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

12 CAITHEAMH AGUS TAIRGEADH FREAGRACH

13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

# An Stiúrthóireacht Forbartha Tionscadal

Déanfaidh an Stiúrthóireacht Forbartha Tionscadal teacht chun cinn Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar lárionad uirbeach beoga, athléimneach, agus ionchuimsitheach, a chuirfidh ar chumas na cathrach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an 21ú haois agus a hoidhreacht chultúrtha agus chomhshaoil ar leith á caomhnú ag an am céanna.

Trí Fhorbairt Pobail, Gníomhú ar son na hAeráide, Taisteal Gníomhach, Sócmhainní Maoine, agus Láithreáin Thréigthe a thabhairt le chéile in aon eintiteas comhtháite amháin, cuirfidh an Stiúrthóireacht feabhas ar inmharthanacht, inrochtaineacht, cuimsitheacht, inbhuanaitheacht agus nascacht na Gaillimhe trí chur chuige aontaithe réamhbhreathnaitheach.

Cuirfidh an Oifig Bainistíochta Tionscadal agus Soláthair Caipitil (PMCDO) mionchúis, éifeachtúlacht, agus trédhearcacht ar fáil nuair atá tionscadail chaipitil na Gaillimhe á bpleanáil agus á gcur i gcrích.

## Cuspóir na hOifige Bainistíochta Tionscadal agus Soláthair Caipitil:

Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú gairmiúil agus éifeachtúil ar thionscadail chaipitil, le hiad a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha na Comhairle agus cloí le dea-chleachtais i ndearadh agus i dtógáil.

Bainfidh an Oifig é seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Dearadh agus cur i bhfeidhm chlár caipitil na Comhairle a bhainistiú |
| Oidhreacht thógtha na cathrach a chosaint |
| An luach is fearr ar infheistíocht a chinntiú. |
| Oibriú i gcomhar leis na príomhghníomhaireachtaí cistithe agus le páirtithe leasmhara eile, is é sin, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sholáthar an PFN agus Athchóirithe; an Roinn iompair; an tÚdarás Náisiúnta Iompair; Bonneagar Iompair Éireann; Oifig na nOibreacha Poiblí; agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, leis an gclár caipitil uaillmhianach seo a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích. |

Glacadh le sraith shainithe prionsabail rialachais bainistíochta tionscadal agus cur chuige caighdeánaithe bainistíochta tionscadal.

Creat soiléir rialachais a bheith ann ina gcuirtear trédhearcacht agus maoirseacht ar fáil.

Cur i gcrích príomhthionscadal a chur chun cinn, an méid seo a leanas ina measc ach gan bheith teoranta dó:

- Ionad Pobail an Chaisleáin Nua
- Coirib go Cósta – Scéim Faoisimh ó Thuilte Chathair na Gaillimhe
- Crown Square
- Athfhorbairt shuíomh Halla na Cathrach
- Síneadh leis an Músaem
- Páirc Bharr an Chalaidh athleagtha amach
- Reilig na Faiche ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath
- Deiseanna Forbartha Pobail breise – Leabharlann, Ionaid Phobail
- Tionscadail Caipitil Spóirt
- Tionscadail Fearainn Phoiblí
- Sócmhainní Réadmhaoine agus Láithreáin Thréigthe a Fhorbairt
- Tionscadail Oiriúnaithe Aeráide agus Theacht Aniar na hAeráide

Cur i gcrích agus críochnú príomhthionscadal a éascú agus a thabhairt chun cinn, Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6, an Glasbhealach idir Baile Átha Luain agus Gaillimh, an Glasbhealach idir Gaillimh agus Uachtar Ard, Forbairtí eile Glasbhealaigh Náisiúnta agus Uirbigh agus Droichead Coisithe Iarnród an Chlocháin ina measc.



## Cuspóir Taistil Ghníomhaigh:

Tabhairt isteach bonneagar nua agus uasghrádaithe siúil, rothaíochta agus do chathaoireacha rothaí ar fud na cathrach a stiúradh, a dhéanfar a nascadh leis na gréasáin réigiúnacha taistil as a bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach. Cabhróidh seo le fís Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i gcrích, ina sainaithnítear an gá atá le haistriú i dtreo taisteal inbhuanaithe, agus an brath ar an ngluaisteán príobháideach a laghdú. Áirítear leis seo lánaí rothar scartha agus cosáin níos leithne, droichid nua siúil agus rothaíochta agus trasrianta coisithe nua a fhorbairt. Ceann de na príomhaidhmeanna is ea an líon gréasáin siúil agus rothaíochta a mhéadú chun go dtaistealófar in 50% de na haistir uile faoin mbliain 2030 trí shiúl agus rothaíocht agus iompar poiblí.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Bonneagar nua agus níos fearr siúil agus rothaíochta a fhorbairt tuilleadh ar fud na cathrach. |
| Príomhthionscadail taistil ghníomhaigh agus scéimeanna BusConnects a thabhairt chun cinn agus aird ar riachtanais inrochtaineachta. |
| Iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh agus, ach go háirithe, é a dhéanamh áisiúil agus mealltach a bheith ag siúl, rothaíocht nó iompar poiblí a úsáid. |
| Inrochtaineacht agus tréscaoilteacht go dtí agus laistigh de lár na cathrach a fheabhsú do choisithe, do rothaithe agus d'úsáideoirí iompair phoiblí, agus leanúint ag an am céanna le leibhéal cuí rochtana a chur ar fáil do thrácht feithiclí ar chuspóirí tráchtála agus miondíola. Áireofar leis seo tabhairt faoi staidéar tréscaoilteachta do lár na cathrach. |
| Sábháilteacht agus slándáil choisithe, rothaithe agus úsáideoirí eile iompair a uasmhéadú, go háirithe laistigh de chroílár na cathrach. |

| |
|---|
| An gréasán siúil agus rothaíochta ar fud na cathrach a fhorbairt tuilleadh. |
| Páirt a ghlacadh i Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach na Gaillimhe nua a fhorbairt agus tacú lena cur i bhfeidhm. |
| Oibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus le comhpháirtithe eile chun cistiú a fháil a chuirfidh ar ár gcumas tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i dtaisteal gníomhach i nGaillimh. |
| Tacú le hathdhearadh an NTA ar Ghréasán Bus na Gaillimhe, agus aird ar riachtanais inrochtaineachta. |
| Forbairt áiseanna Páirceála agus Taistil a thabhairt chun cinn ag láithreacha straitéiseacha ar fud na Gaillimhe. |
| Leanúint le tionscnaimh Bealaí Sábháilte chun na Scoile a thabhairt isteach. |
| Soláthar tionscadal agus tionscnamh eile a chur chun cinn, an méid seo a leanas ina measc ach gan bheith teoranta dó:<br>• CycleConnects: Céim 1 CycleConnects – an tOirthear<br>• CycleConnects: Céim 2 CycleConnects – an tIarthar<br>• BusConnects – Conair bus trí Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh |



## Cuspóir Forbartha Pobail, Sócmhainní Corparáideacha agus Láithreán Tréigthe:

Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha trí rannpháirtíocht an phobail, comhtháthú sóisialta, rochtain ar sheirbhísí agus réadmhaoin thréigthe nó a mbaintear tearcúsáid astu a réiteach chun pobail a athbheochan.

Éagsúlacht ghlórtha áitiúla a chumasú agus a chur i ngníomh agus dul i ngleic le riachtanais éagsúla an phobail trí chláir agus trí thionscnaimh, agus feabhas á chur ar shábháilteacht phoiblí agus infheistíocht pobail á spreagadh ag an am céanna.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Bochtaineacht a laghdú agus míbhuntáiste a mhaolú trí chláir agus trí thionscnaimh chuí agus spriocdhírithe ionchuimsithe shóisialta agus forbartha pobail. |
| Cuir chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn i dtreo inrochtaineachta agus seirbhísí agus an luach a chuireann an éagsúlacht sin ar fáil don chathair a aithint agus a chur chun feabhais. |
| Neamhionannas sláinte a laghdú agus torthaí sláinte a fheabhsú trí chláir ina ndírítear ar shláinte fhisiciúil, meabhairshláinte, folláine agus cothú a chur i bhfeidhm, trí ghlacadh le Beartas Meabhairshláinte agus Folláine Cathrach ina measc sin. |
| Stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun feabhais trí chláir agus trí áiseanna áitiúla spóirt agus gníomhaíochta coirp a fhorbairt. |
| Straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun láithreáin tréigthe a ghlanadh, athearraíocht a bhaint astu nó a fhorbairt, agus spásanna feidhmiúla a théann chun sochair an phobail a dhéanamh díobh. |
| Tabhairt faoi mheasúnuithe cuimsitheacha agus fardal nuashonraithe láithreán tréigthe a choimeád le limistéir a dtugtar tús áite dóibh a shainaithint le haghaidh idirghabhála agus athfhorbartha. |
| A chinntiú go rachfar i ngleic agus go mbuntacófar i bpleananna cuí cothabhála le hathbhreithniú ar shócmhainní agus le bainistiú ar shócmhainní agus ar stoc. |

3 DEA-SHLÁINTE AGUS FOLLÁINE

8 OBAIR CÓIR (DECENT) AGUS FÁS EACNAMAÍOCH

9 TIONSCAL, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCHTÚR

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

16 SÍOCHÁIN, CÓIR AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

## Cuspóir Athraithe Aeráide agus Inbhuanaitheachta:

Beidh an chathair ina cathair atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ina bhfuil saibhreas bithéagsúlachta agus atá neodrach ó thaobh carbóin tráth nach déanaí ná 2050 trí athrú bunathraitheach, aistriú cóir agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a chur i gcrích laistigh dár n-eagraíocht agus dár seirbhísí féin agus ar fud Chathair na Gaillimhe, trí cheannaireacht, trí eiseamláir agus trí ghníomhaíocht a chur i ngníomh ar leibhéal áitiúil.

Tá tús áite á thabhairt go domhanda anois do dhul i ngleic le hathrú aeráide, agus tá dul chun cinn maith déanta ag na hiarrachtaí a dhírítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn, agus oiriúnú d’athrú aeráide.

Bainfimid na cuspóirí seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm ar bhonn eagraíocht iomlán trí na struchtúir rialachais lenar aontaíodh, agus aird ar fhorálacha Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (IHREC). |
| Tionscadail fuinnimh a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus acmhainní a sholáthar dóibh le Spriocanna Astaíochtaí Carbóin agus Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain 2030 agus 2050 a bhaint amach. |
| Rialachas, Ceannaireacht, agus Comhpháirtíocht do Ghníomhú ar son na hAeráide a chothú. |
| Aghaidh a thabhairt ar Oiriúnú don Aeráid agus do Theacht Aniar Aeráide. |
| Gníomhú ar son na hAeráide in Éagsúlacht ár bPobal Áitiúil a chur chun feidhme. |
| Gníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme i bhFiontraíocht agus tacú leis an Aistriú chuig Geilleagar Ciorclach agus atá Neodrach ó Thaobh Fuinnimh. |
| ‘Aistriú Cóir’ a bhaint amach, go háirithe do Phobail a d’fhéadfadh a bheith faoi Mhíbhuntáiste Geilleagrach trí Thionscadail Dícharbónaithe. |

7 FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN
11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE
13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

# Stiúrthóireacht Forbartha Uirbí

## Cuspóir Forbartha Ealaíon agus Cultúir, Geilleagraí agus Turasóireachta:

Éiceachóras láidir inbhuanaithe ionchuimsitheach geilleagrach a éascú i gCathair na Gaillimhe, ina gcuirtear rochtain ar fhostaíocht do chách ar fáil, agus aird ar leith ar éagsúlacht grúpaí atá cumhdaithe ag Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine; caighdeán maith beatha a chur ar fáil dá cónaitheoirí; agus forbairt inbhuanaithe an réigiúin a chinntiú.

Eiseamláir inbhuanaitheachta cultúrtha, rannpháirtíocht an phobail agus eispéireas spreagúil agus cruthaitheach a dhéanamh de Chathair na Gaillimhe.

Bainfimid na cuspóirí seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur i bhfeidhm agus aird ar riachtanais Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |
| An bonneagar fiontraíochta agus cultúrtha atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhainistiú, a uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh air. |
| Tacú leis an ngeilleagar oíche a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe. |
| Oibriú le hearnálacha geilleagracha agus cultúrtha le lorg carbóin na cathrach a laghdú. |
| Ioncam a mhéadú san earnáil turasóireachta, a chruthaíonn tairbhí do ghnólachtaí áitiúla agus d’fhostaíocht áitiúil. |

| |
|---|
| Tacú le fiontair dhúchasacha agus nuathionscanta trí obair Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ag freagairt do na riachtanais faoi leith i measc éagsúlacht ár bpobal san obair seo. |
| Leanúint le buntáistí na Gaillimhe mar láthair le haghaidh infheistíocht isteach a chothú agus a chinntiú gur féidir le fiontair áitiúla tairbhe a bhaint as an infheistíocht seo. |
| Infheistiú i bpríomhthionscadail bhonneagair a fheabhsaíonn rochtain ar shuíomhanna cultúir agus ar nithe is díol spéise do thurasóirí. |
| Oidhreacht uathúil Chathair na Gaillimhe a chosaint agus a cheiliúradh agus na healaíona comhaimseartha agus an chruthaitheacht á bhforbairt ag an am céanna. |
| An cultúr a úsáid chun cuir chuige nua a chur i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic le míbhuntáiste agus le heisiamh sóisialta agus idirchaidreamh a dhéanamh le pobail imeallaithe agus nach gcloistear a nglór chomh minic sin. |
| Pobail áitiúla a thabhairt san áireamh i dtionscnaimh turasóireachta agus chultúir le mórtas agus rannpháirtíocht a chothú. |
| Seasamh na Gaillimhe mar chathair dhátheangach a fhorbairt agus a chur chun feabhais. |



## Cuspóir Pleanála:

Forbairt na cathrach a stiúradh go comhordaithe, ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le tithíocht, taisteal agus athrú aeráide chun cathair níos fearr a sholáthar do chuile dhuine.

Tabharfaidh an Rannóg Pleanála faoin gcóras pleanála a chur i bhfeidhm go héifeachtach ionas na spriocanna forbartha eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach go hinmharthana.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Leanúint le ról Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar mhol príomha d'iarthar na hÉireann. |
| Beartais agus pleananna a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, an Plean Forbartha Náisiúnta, Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta (RSES) Thionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt, agus le Plean Ceantair Uirbigh na Gaillimhe (MASP). |
| Beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Cathrach 2023–2029 reatha a bhaint amach, aon leasuithe ar an gcéanna san áireamh. |
| Tacú le húsáid éifeachtach a bhaint as foinsí cistithe trí phleananna straitéiseacha a ullmhú chun leas a bhaint as acmhainní príomhshuíomhanna uirbeacha agus soláthar a dhéanamh d'fhás dlúth. |
| Leanúint le feabhsúcháin ar spásanna poiblí a chur chun cinn tríd an Straitéis Fearainn Phoiblí a chur i bhfeidhm, agus inrochtaineacht á cur san áireamh freisin. |

| |
|---|
| Deiseanna a chur ar fáil do rannpháirtíocht agus comhairliúchán leis an bpobal ar fhorbairtí ionchuimsitheach agus inrochtana. |
| Treisiú leis an dul chun cinn ar an mbealach dúbailte iarnróid idir Bhéal Átha an Rí agusGaillimh a thógáil. |
| A chinntiú go gcuirtear ár bhfeidhmeanna agus ár seirbhísí bainistíochta forbartha i gcrích go héifeachtach agus go gcuirtear leasuithe a eascraíonn as an Acht agus na Rialacháin um Pleanáil nua i bhfeidhm. |
| Suíomhanna Móra Forbartha Tithíochta Uirbí (MUHDS) a phleanáil agus a fhorbairt, ar nós iad siúd atá luaite le Straitéis Iompair na Gaillimhe. |
| Leanúint ag tacú le bonneagar agus seirbhísí poiblí a chur i gcrích trí bhainistiú éifeachtúil ar an Scéim Ranníocaíochta Forbartha agus scéimeanna leasaithe a ullmhú, mar a cheanglaítear sa reachtaíocht. |
| Oibriú i gcomhar leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun talamh faoi rialú an stáit a chomhordú d'fhonn úsáidí níos fearr a bhaint aisti, deiseanna athfhorbartha agus athghiniúna ina measc ina ndírítear ach go háirithe ar phríomhthailte athfhorbraíochta. |
| Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur i gcrích seirbhísí chun barr feabhais a chur ar oibríochtaí éifeachtacha an údaráis pleanála d'fhonn feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí. |
| An oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú trí ghníomhartha a chuimsítear i bPlean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2027–2029 a thabhairt chun cinn. |

4 OIDEACHAS ARDCHAIGHDEÁIN
8 OBAIR CÓIR (DECENT) AGUS FÁS EACNAMAÍOCH
9 TIONSCAL, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCHTÚR
11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE
13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

## Cuspóirí Acmhainní Daonna:

A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ann chun cuspóirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhaint amach, agus lenár bhfoireann a spreagadh, chun cabhrú agus tacú leo i gcaitheamh shaolré an fhostaí chun a lánchumas a fhorbairt mar fhostaithe de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhfuil ardmheas orthu.

Seo a leanas na príomhchuspóirí don Rannóg Acmhainní Daonna i rith thréimhse an Phlean Chorparáidigh:

| |
|---|
| Feidhm acmhainní daonna a chur i gcrích ina n-earcaítear na daoine cearta a bhfuil na scileanna cearta acu do na tascanna atá idir lámha agus ina gcuirtear comhairle, tacaíocht agus oiliúint leanúnach ar fáil dár mbainisteoirí líne. |
| Ár n-acmhainní foirne a úsáid ar bhealach a bhaineann an éifeacht is mó astu i gcomhthéacs ár dtimpeallachta atá ag athrú. |
| Oibriú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun síocháin thionsclaíoch a chothú agus seirbhís chomhsheasmhach ardchaighdeáin a chinntiú dár gcustaiméirí. |
| Cur i bhfeidhm phleanáil straitéiseach an lucht saothair agus cur i gcrích na gclár bliantúil earcaíochta a éascú le freastal ar riachtanais soláthair seirbhísí na heagraíochta. |
| Rannpháirtíocht idir an bhainistíocht agus ceardchumainn a éascú i gcláir bhainistíochta athruithe eagraíochta, mar is cuí. |
| An próiseas sannacháin foirne a bhainistiú agus a éascú faoin gClár Aistrithe Seirbhísí Uisce. |
| Tacú leis an bhfoireann i rith shaolré an fhostaí trí thionscnaimh oiliúna, leasa foirne agus folláine a chur ar fáil. |
| Beartais acmhainní daonna a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha, mar is infheidhme, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ina measc. |
| Tabhairt faoi Oiliúint ar Luachanna Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine don fhoireann go léir. |

Nuair atá aghaidh á tabhairt ar an méid thuas, féachfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna le leanúint leis an iarracht atá á déanamh chun dul i ngleic le neamhionannas, le bacainní agus le rannpháirtíocht fostaíochta i measc grúpaí a sainaithníodh..



# An Stiúrthóireacht Forbartha Corparáidí

## Cuspóirí Seirbhísí Corparáideacha:

Seirbhísí agus acmhainní tacaíochta a chur ar fáil do chomhaltaí thofa, a chuireann ar a gcumas a bhfreagrachtaí daonlathacha a shásamh, agus na huirlisí a chur ar fáil don fhoireann a theastaíonn uathu lena bhfeidhmeanna feidhmiúcháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach, a chinntíonn go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeáin éifeachtúla i gcrích do mhuintir na Gaillimhe.

Bainfimid an cuspóir seo amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

| |
|---|
| Struchtúir dhaingne rialachais a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go soláthraítear an creat straitéiseach a leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo. Leanúint leis an gClár Rialachais Chorparáidigh agus Comhlíonta a leabú ar fud na heagraíochta sna limistéir seo a leanas: Leanúnachas Gnó, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, Cosaint agus Leas Leanaí, Cosaint Sonraí, Iniúchadh Inmheánach agus Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol/an tOmbudsman. |
| Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhíse réalaíocha agus inbhainte a fhorbairt a bhfuil nasc intreach acu leis an bpróiseas bliantúil buiséadach. |
| Nuashonruithe ar dhul chun cinn a chur ar fáil trí Thuarascáil Bhainistíochta an Phríomhfheidhmeannaigh leis an gComhairle, anuas ar thuarascálacha agus ar nuashonruithe eile. |
| Cuntasacht iomlán a chur ar fáil gach bliain maidir le hobair an údaráis áitiúil tríd an Tuarascáil Bhliantúil, Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta, Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil neamhspleách, Táscairí Seirbhíse Náisiúnta agus trí thuarascálacha an Coiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. |
| Rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil cuntasacht agus luach ar airgead á gcoimeád agus á mbaint amach. |
| Bunathrú Gnó trí Sheirbhís Níos Fearr do Chustaiméirí |
| A chinntiú go bhfreastalaíonn ár seirbhísí ar riachtanais custaiméirí, go mbíonn siad inrochtana dó chách agus go mbíonn siad ar aon dul lenár nDualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. |

| |
|---|
| Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú leanúnach ar an gCairt Custaiméirí agus ar an gCód Iompair agus ar an bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí, ar aon dul leis na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Tosófar leis an athbhreithniú ar an gCairt chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht chustaiméirí na Comhairle agus a riachtanais faoi leith. |
| An éifeachtúlacht is fearr a bhaint amach agus áiseanna na Comhairle á mbainistiú agus cothabháil á déanamh orthu, oifigí, iostaí agus áiseanna eile ina measc. |
| Clár na dToghthóirí a bhainistiú agus cothabháil a dhéanamh air. |
| Éilimh Dliteanas Poiblí a riar agus a chinntiú go mbainistítear Dliteanas Corparáideach go héifeachtach. |
| Ár bhfís do Ghaillimh mar chathair dhátheangach a thabhairt chun cinn tríd an 4ú Plean Teanga/Scéim Teanga agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) a chur i bhfeidhm agus i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha agus leanúint le feabhas a chur ar ár n-acmhainn seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, ar infheictheacht na Gaeilge agus chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. |
| Nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun córais Chartlann agus córais Bhainistíochta Taifead a bhainistiú don Chomhairle Cathrach. Cáipéis trasroinne agus clár coinneála comhad a bhainistiú. |
| Tacú lenár bhfoireann tabhairt faoi chumarsáid éifeachtach a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha éagsúla, i measc réimse cainéal – tacú le rochtain ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus déileáil chothrom leis an údarás áitiúil, ar bhealach tráthúil. |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair – leanúint le cód sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm mar phríomhthosaíocht laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. |
| A chinntiú go n-éireoidh linn Toghcháin Áitiúla 2029 a chur i gcrích. |
| Dícheall a dhéanamh an dámhachtain 'Dámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil' a bhaint amach. |
| Barainneachtaí agus éifeachtúlachtaí a sholáthar trí oibriú le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile ar thionscnaimh seirbhísí comhroinnte. |

8 OBAIR CÓIR (DECENT) AGUS FÁS EACNAMAÍOCH

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

12 CAITHEAMH AGUS TAIRGEADH FREAGRACH

16 SÍOCHÁIN, CÓIR AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

## Cuspóirí Airgeadais:

Bainistíonn an Chomhairle na freagrachtaí airgeadais seo a leanas faoi láthair:

**Bainistíonn buiséad caipitil plean caipitil 3 bliana**

**Bainistíonn buiséad ioncaim €140m in aghaidh na bliana**

**Sóchmhainní de luach €1.13 billiún**

**Bainistíonn leabhar iasachta €70m**

**Íocaíochtaí €120m a phróiseáil chuig 5,500 soláthraí**

**Bainistíonn asbhaintí a bhaineann le cáin thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim**

**Próiseálann sé íocaíochtaí párolla do 633 ball foirne 245 pinsinéirí**

**Idirghníomhaíonn le 35,000 custaiméir agus bainistíonn bailiú ioncaim**

## Is éard a bheidh i gceist lenár bpríomhchuspóirí:

| |
|---|
| Na hacmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus a bhainistiú le haghaidh soláthar bonneagrach agus seirbhíse, a chinntíonn go mbaintear úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as na hacmhainní seo, go mbaintear buiséad cothrom agus na caighdeáin is airde de chuntasacht agus de mhacántacht airgeadais amach. |
| Gach sruth ioncaim agus infheistíocht a uasmhéadú lena chinntiú go leantar de chobhsaíocht airgeadais a bhaint amach. |
| A bheith stuama nuair atá ár n-airgeadas á bhainistiú againn, sreabhadh airgid dóthanach a chinntiú. |
| Idirchaidreamh a dhéanamh le agus tacú lenár gcustaiméirí go léir lena chinntiú go soláthraítear gach rogha íocaíochta dóibh lena chinntiú go n-íoctar dliteanais chomh pras agus is féidir. |
| A chinntiú go n-ullmhaítear na tuairisceáin airgeadais ábhartha go léir ar bhonn tráthúil. |
| Gach cáin atá le híoc leis an státchiste náisiúnta a bhainistiú. |
| Gach íocaíocht Phárolla a phróiseáil d'fhostaithe agus do phinsinéirí chun hoibleagáidí na Comhairle a shásamh. |
| A chinntiú gurb ann do rialuithe inmheánacha agus go gcuirtear chun feidhme iad go comhsheasmhach ar gach idirbheart airgeadais, go gcuirtear an Clár Iniúchóireachta Inmheánaí i gcrích agus go n-éascaítear an Coiste Iniúchóireachta maidir lena gclár soláthair. |
| Cabhrú le rialachas corparáideach trí chéile na Comhairle. |
| A chinntiú go ndéantar cur i bhfeidhm an Chláir Athluachála Náisiúnta 2021, ar an réadmhaoin inrátáilte uile laistigh den Chathair mar a cinneadh san fhoráil ábhartha den reachtaíocht luachála agus rátála, a chur in iúl agus a i bhfeidhm go héifeachtach. |
| Déanfar an tsamhail soláthair seirbhísí reatha a scrúdú agus a athchumrú chun socruithe seirbhíse comhroinnte agus comhdhlúthú féideartha feidhmeanna a éascú. |

8 OBAIR CÓIR (DECENT) AGUS FÁS EACNAMAÍOCH

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

12 CAITHEAMH AGUS TAIRGEADH FREAGRACH

16 SÍOCHÁIN, CÓIR AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

## Cuspóirí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC):

An bealach a idirghníomhaíonn agus a dhéanann daoine gnó le Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bhunathrú go bunúsach trí 90% de na seirbhísí infheidhme a dhigitiú, ar aon dul le Straitéis Dhigiteach agus TFC Rialtas Áitiúil na hÉireann 2030, Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Gach Duine agus Cónascadh Rialtais 2030 – Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann.

Príomhchumasóir é TFC i dtaobh seirbhísí nua-aimseartha áitiúla rialtais, teicneolaíochtaí nua-aimseartha san ionad oibre agus córais nua a chur i gcrích a fheabhsaíonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoireann na Comhairle.

Bainfimid na príomhchuspóirí straitéiseacha seo a leanas amach:

| |
|---|
| Cuirfimid feabhas leanúnach ar an mbonneagar teicneolaíochta lena chinntiú go mbíonn ár sonraí agus ár dtaifid slán, agus sinn ag cloí le prionsabail rochtana an údaráis is lú, agus teacht gan stró a bheith orainn agus an acmhainneacht a bheith againn, ag an am céanna, i leith bristeacha seirbhíse. |
| Leanfaimid le réitigh néalbhunaithe a chur ar fáil, le bainistiú, rochtain agus cosaint faisnéise inmheánach agus sheachtrach araon a fheabhsú. |
| Leanfaimid de bheith airdeallach go seasmhach i dtaca leis an méadú ar ionsaithe cibearchoireachta in aghaidh comhlachtaí earnála poiblí. Rachaimid i mbun na mbeart riachtanach uile chun sonraí na Comhairle Cathrach a dhéanamh slán ar gach ardán. Leanfaimid le hinfheistiú i mbearta Cibearshlándála. |
| Cinnteoimid go mbíonn an teicneolaíocht, na huirlisí agus na scileanna ag an bhfoireann a theastaíonn uathu le hidirghníomhú go hiomlán ar bhealach digiteach. |
| Cuirfimid fáil gan stró ar sheirbhísí digiteacha rialtais áitiúil agus spreagfaimid daoine na seirbhísí sin a úsáid trí chomhsheasmhacht a fheabhsú agus trí dhíriú ar riachtanais daoine nuair atá na seirbhísí sin á ndearadh. |
| Feabhsóimid éifeachtúlacht agus éifeachtacht an bhealaigh a oibrímid trí lántairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí nua. |



# Pleanáil agus Cur i bhFeidhm Soláthair Tras-Stiúrthóireachta

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe de thimpeallacht bunaithe ar fhoireann chomhoibritheach a neartú agus de thacú léi ar fud na heagraíochta. Tá seo á bhainistiú ag na Cinn Rannóige agus ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí, a thagann le chéile go minic chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna Tras-Stiúrthóireachta a dhéanann difear don chathair.

Déanann na Comhaltaí Tofa idirchaidreamh thar ceann a dtoghthóirí ar bhonn Tras-Stiúrthóireachta trína rannpháirtíocht i gcruinnithe an Choiste Ceantair, Coistí um Beartais Straitéiseacha, an Grúpa um Beartais Chorparáideacha (CPG) agus ag an gComhairle Iomlánach. Mar údaráis áitiúla i ngar dá chéile, déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe comhoibriú agus idirchaidreamh le chéile ar bhonn rialta – oibríonn siad le chéile ar thionscadail straitéiseacha agus chaipitil nó le hacmhainní agus eolas a roinnt.

## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht


### Pleananna Soláthair Seirbhíse Bliantúla (ASDP)

Feidhmeoidh an Plean Corparáideach mar an creat chun forbairt, monatóireacht, agus tuairisciú a dhéanamh ar an bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil.

Tuairiscítear dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Seirbhíse Bhliantúil tríd an Tuarascáil Bainistíochta míosúla agus cuirtear eolas breise faoi bhráid na Comhairle ar bhonn ráithiúil, agus tríd an Tuarascáil Bhliantúil. Tá na tuarascálacha míosúla bainistíochta ceaptha cabhrú leis na comhaltaí tofa a bhfreagrachtaí rialachais a shásamh agus maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhmeannacht ó thaobh chur i gcrích na mbeartas a ndearna na comhaltaí tofa cinneadh fúthu, agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fheidhmeanna feidhmiúcháin an Phríomhfheidhmeannaigh.

Cuireann sin ar ár gcumas athbhreithniú agus ceartú a dhéanamh ar an ASDP, mar a theastaíonn, chun athruithe suntasacha a bhféadfadh athmheasúnú a bheith ag teastáil uathu ar na tosaíochtaí straitéiseacha a chur san áireamh.

## Creat Bainistíochta Feidhmíochta




## An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)

Cuirfear an Plean Corparáideach seo faoi bhráid an NOAC chun athbhreithniú an Choimisiúin ar leordhóthanacht an Phlean a éascú. Tabharfar aird in aon athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach ar aon mholtaí a rinne an NOAC ar leordhóthanacht, cibé acu ar bhonn na hearnála uile nó ar bhonn údarás áitiúil aonair.

## An Coiste Iniúchóireachta

Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht ar thuairisciú airgeadais agus ar cheisteanna gaolmhara. Déantar an obair faoina dtugann an Coiste Iniúchóireachta, i ndeireadh na dála, lena chinntiú go ndéantar maoirseacht airgeadais ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

## Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil

Tá an Chomhairle faoi réir iniúchta ag Seirbhís Iniúchóireachta neamhspleách na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Foilsítear tuarascáil an Iniúchóra gach bliain agus tugann an Chomhairle tús áite do dhul i ngleic le haon limistéir óna dteastaíonn aird a thugtar chun solais sa tuarascáil seo.

## Aguisín 1 - Straitéisí, Pleananna agus Tionchair ar an gComhairle Cathrach na Gaillimhe

Níl an liosta seo críochnaitheach agus tá sé faoi réir athruithe ar an reachtaíocht.

- Féach ar GalwayCity.ie chun teacht ar bhreis sonraí faoi fhoilseacháin agus faoi bheartais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Cloíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an liosta straitéisí/pleananna/eagraíochtaí a imríonn tionchar ar ghníomhaíochtaí rialtais áitiúil, faoi mar a thugtar cuntas air sa Treoirlíne maidir le Pleananna Corparáideacha 2024–2029, Meitheamh 2024. D'fhéadfadh go mbeadh gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)/ Measúnacht Chuí (MC) i roinnt gníomhartha atá inár bPlean Corparáideach agus go ndéanfar iad seo nuair is gá.

| Ailíniú le Beartais Ardleibhéil agus Tionchair Phlean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe |
|---|
| **Idirnáisiúnta** |
| Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh |
| **Náisiúnta** |
| An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus TFC |
| Reachtaíocht náisiúnta, rialacháin agus ordacháin ón Aire |
| Tionscadal Éireann 2040 – Todhchaí na hÉireann a Thógáil |
| Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn |
| An Chreat-Treoir Uisce |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Fiontraíocht Náisiúnta 2025: Beartas Náisiúnta Fiontraíochta na hÉireann 2015–2025. |
| An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 |
| Acht na dTeangacha Oifigiúla |
| Ceannach Níos Glaise: An Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Soláthair Phoiblí Ghlais 2024–2027 |
| An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin |

| |
|---|
| An Creat Náisiúnta Pleanála |
| Beartas Soláthair Ghlais |
| Beartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe |
| Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (Making Great Art Work) Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Stiúradh Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016–2025 |
| DCCAE: An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála agus an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach |
| An Beartas Fiontraíochta Sóisialta Náisiúnta d'Éirinn 2024–2027 |
| Daoine, Áit agus Beartas – Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025 agus na Pleananna Gníomhaíochta Turasóireachta gaolmhara |
| An Plean Náisiúnta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2024–2030 |
| An Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 |
| Na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha (Leasaithe), 2024 |
| Na Tosaíochtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Dramhaíola 2025–2027 |
| An Treoir maidir le Tuilte ón AE |
| An Plean Forbartha Náisiúnta |
| An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 |
| Athbhreithniú ar Luasteorainneacha na Roinne Iompair 2023 |
| Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre / an Rialtais 2021–2030 |
| An Creat Bainistíochta Mór-Éigeandálacha |
| An Creat um Oiriúnú Náisiúnta – Pleanáil d'Éirinn atá Seasmhach ó Thaobh na hAeráide de. |
| Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030 |
| An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh |
| An Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Cheatharlach 2023–2030 |
| Prionsabail Rialachais agus Creat Rialachais d'Earnáil an Rialtas Áitiúil. |
| Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGI). |
| Straitéis Náisiúnta Orgánach 2024–2030. |

| Réigiúnach |
|---|
| Clár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021–2027 |
| An Plean Gníomhaíochta do Phoist: Réigiún an Iarthair |
| An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíochta 2020–2032 (RSES) |
| Plean Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht-Uladh 2015–2021 |
| Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte |
| An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) |
| An Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite ón AE (Treoir 2023/2413) |
| Plean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair |
| Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil |
| Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| Pleananna Réigiúnacha Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) |
| Údarás na Gaeltachta |
| An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) |
| Grúpa Oibre agus Grúpa Stiúrtha Bainistíochta Éigeandála Réigiún an Iarthair |

| Áitiúil |
|---|
| Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe (LECP) 2024–2029 |
| Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris Chathair na Gaillimhe 2025–2029 |
| Plean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2025–2028, le críochnú. |
| Tá Gach Duine Tábhachtach: Creat Straitéise Inbhuanaitheachta Cultúrtha do Ghaillimh 2016–2025 |
| Plean Ealaíon Chathair na Gaillimhe 2021–2025 |
| Straitéis Iompair na Gaillimhe |
| Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach na Gaillimhe a bheidh ag teacht aníos |
| Fodhlíthe Luasteorainneacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe: Uimh. 1 2023 |
| Fodhlíthe um Rialú Páirceála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2009 |
| Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe |
| Plean Spórt Áitiúil na Gaillimhe 2025–2030 |
| Straitéis Éire Shláintiúil Chathair na Gaillimhe 2023–2025 |
| Straitéis Aoisbhá Chathair na Gaillimhe 2025–2030 |
| An Clár Náisiúnta Bainistíochta agus Measúnaithe Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM) |
| Straitéis Fearainn Phoiblí na Gaillimhe |
| An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus Plean an LCDC |
| An Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) |
| Plean Teanga Chathair na Gaillimhe 2020–2026 agus stádas dátheangach |
| Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil |

| |
|---|
| Straitéis Spásanna Glasa |
| Seirbhísí Comhroinnte:<br>• Comhairle Contae na Gaillimhe – Seirbhísí Dóiteáin, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Tréidliachta agus an Oifig Fiontair Áitiúil<br>• Comhairle Contae Laoise – Párolla agus seirbhísí aoisliúntais<br>• Comhairle Contae Uíbh Fhailí – An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola<br>• Comhairle Contae Dhún na nGall agus Chorcaí – an Oifig Bainistíochta Bóithre<br>• Comhaontú Seirbhíse (SLA) le hUisce Éireann le seirbhísí uisce a sholáthar<br>• LAWPRO – Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil<br>• CARO – An Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide<br>• WERLA – An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola |
| Straitéis Dhigiteach do Chathair na Gaillimhe |
| Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chathair na Gaillimhe 2024–2030 |

## Aguisín 2 – Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus an Plean Corparáideach seo á Ullmhú

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do dhul i ngleic leis an réimse iomlán saincheisteanna a leagtar amach sa mheasúnú a dhéanann sí ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine sa chur i bhfeidhm leanúnach a dhéanann sí ar an Dualgas faoin bplean um chur i bhfeidhm a d'fhorbair sí don chuspóir seo. Agus an Plean Corparáideach á ullmhú, shainaithin Comhairle Cathrach na Gaillimhe ocht saincheist uileghabhálacha chomhionannais agus chearta an duine a dtugtar tús áite dóibh ar a ndíreofar fad a bheidh an Plean Corparáideach á fhorbairt. Is iad na hocht saincheist uileghabhálacha seo a dtugtar tús áite dóibh, a baineadh ón measúnú a rinneamar ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine:

- Idirdhealú, idir aonair agus sistéamach, i measc na ngrúpaí a sainaithníodh.
- Easpa roghanna a cuireadh ar fáil lena chumasú roghanna fíora agus feasacha a dhéanamh, nach gcuireann smachtbhanna isteach orthu, do dhaoine agus do phobail i measc na ngrúpaí a sainaithníodh.
- Easpa gutha agus ardán chun tionchar a imirt ar an gcinnteoireacht, i measc na ngrúpaí a sainaithníodh.
- Easpa dearadh uilíoch, solúbthachta agus oiriúnuithe chun freastal ar riachtanais éagsúla agus shonracha i measc na ngrúpaí a sainaithníodh.
- Neamhionannas fostaíochta agus bacainní fostaíochta i measc na ngrúpaí a sainaithníodh.
- Díothacht agus míbhuntáiste tithíochta do na grúpaí a sainaithníodh.
- Míbhuntáiste digiteach i measc na ngrúpaí a sainaithníodh.
- Easpa airde ar aistriú cóir i gcomhthéacs cur isteach ar an aeráid.

## Aguisín 3 – Táscairí Feidhmíochta

Is féidir leat teacht ar ár dtáscairí feidhmíochta ar ár suíomh gréasáin ag **www.GalwayCity.ie**

## Aguisín 4 - Comhairliúchán agus ár bPlean á Ullmhú

Faoin Acht Rialtais Áitiúil, teastaíonn cur chuige ionchuimsitheach trí dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara leis an bPlean Corparáideach a ullmhú.

Chuathas i mbun comhairliúchán réamhdhréachta trí shuirbhé ar líne ón 30 Meán Fómhair go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2024, trína fhógairt sna meáin áitiúla, ar GalwayCity.ie agus ar na meáin shóisialta. Tugadh cuireadh don fhoireann, do chomhaltaí tofa, agus don phobal aiseolas a thabhairt ar an bPlean Corparáideach 2019–2024.

Cuireadh dhá cheardlann chomhairliúcháin ar bun le Comhaltaí Tofa agus leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí in Iúil agus i Meán Fómhair 2024 chun scrúdú a dhéanamh ar a bpríomhthosaíochtaí agus a bpríomhchuspóirí. Lean ceithre cheardlann aiseolais ina dhiaidh sin le foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go luath i Samhain 2024. Chuir na ceardlanna seo lón eolais ar fáil do dhréachtú Phlean Corparáideach na Comhairle.

Lorgaíodh tuairimí freisin ón gCoiste Iniúchóireachta agus ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).

D’fháiltigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh thuairimí agus roimh bhreathnóireacht, a chabhraigh linn na rudaí atá tábhachtach do dhaoine, dár bpobail, dár ngnólachtaí, agus don iliomad páirtí leasmhar atá againn ar fud na cathrach a shainaithint lena chinntiú go bhfuil an Plean ábhartha, agus chun glacadh leis an bPlean a spreagradh.

Rinneadh aiseolas ar threo straitéiseach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcaitheamh thréimhse an Phlean nua a mheas fad a bhí an Plean Corparáideach á dhréachtú agus nuair a glacadh leis sa deireadh.

Cuireadh an dara tréimhse chomhairliúcháin ar bun i mí na Samhna 2024 agus iarraidh ar an bhfoireann, ar Chomhaltaí Tofa agus ar an bpobal tuilleadh aiseolais a thabhairt dúinn. Eisíodh an Dréachtphlean Corparáideach 2025–2029 do pháirtithe leasmhara éagsúla agus do Ghrúpaí go díreach agus tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) i mí na Samhna 2024.

Cuireadh faoi bhráid CPSanna é freisin agus faoi bhráid an Ghrúpa um Beartais Chorparáideacha (GBC) ina dhiaidh sin.

Tugadh faoin Measúnú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir leis an bplean nua.

Is mian le Comhairle Cathrach na Gaillimhe buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas.

## Coiste Phlean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Peter Keane | Méara Chathair na Gaillimhe |
| Elaine Naughton | Ceann Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) |
| Brian Barrett | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Forbairt Gheilleagrach Turasóireachta agus Cultúir |
| Katie Fahy | Oifigeach Riaracháin, an Pobal |
| Eoghan Lynch | Pleanálaí Sinsearach, Pleanáil |
| Ailish Rohan | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha (Cathaoirleach) |
| Helena Martyn | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Cúnta, Tithíocht |
| Laura Hynes | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Airgeadas |
| Fiona Holland | Innealtóir Sinsearach, Iompar agus Comhshaol |
| Sharon Connolly | Innealtóir Sinsearach, Caitheamh Aimsire |
| Arlene Finn | Oifigeach Cumarsáide |
| Saoirse Higgins | Oifigeach Cumarsáide Cúnta |
| Dermot Mahon | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Pobal |
| Micheál Cormican | Innealtóir Sinsearach, Maoin Tithíochta |
| Colm Ó Ríordáin | Innealtóir Sinsearach [Gníomhach], Taisteal Gníomhach |
| Attracta Lyons | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach [Gníomhach], Acmhainní Daonna |

## Páirtithe Leasmhara Seachtracha

Muintir Chathair na Gaillimhe

Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe


Comhlachas Gnó East Village; Comhlachas Gnó na Ceathrún Meánaoisí; The Village Salthill

Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (PPN do Chathair na Gaillimhe)

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)


TEMPO ANTIQUES
AT THE HEART OF GALWAY'S






## Teagmháil


Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste,
Gaillimh,
H91 X4K8.

**Fón:** +353 91 536400
**www.galwaycity.ie**


Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

